# PEACEPLUS ASPIRE

NUACHTLITIR **EANÁIR – MÁRTA 2026**

PEACEPLUS ASPIRE

PEACEPLUS Northern Ireland - Ireland
Co-funded by the European Union | UK Government

## COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

Ghlac PEACEPLUS ASPIRE páirt san Earnáil Oideachais Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas is déanaí, ag cur béime ar an obair thionscadail a bhfuil tionchar ar an Oideachas Comhroinnte agus ar an chomhoibriú trasteorann.

Trí Oideachas Comhroinnte, tugann an tionscadal PEACEPLUS ASPIRE leanaí agus daoine óga le chéile ar mhaithe le tuiscint, meas agus naisc bhuana a thógáil ar fud pobail, ag tacú le síocháin agus athmhuintearas. Cuidíonn PEACEPLUS ASPIRE le sochaí a chruthú ina gcuirtear fáilte roimh éagsúlachtaí agus ina mbíonn pobail ag forbairt le chéile.



## COMHPHÁIRTÍOCHT RÉAMHSCOILE

I mí Feabhra, tháinig páistí ó Ghrúpa Súgartha Pobail Millburn agus Playhouse Activity Centre le chéile le cultúr, ceol agus cruthaitheacht a cheiliúradh - le tuismitheoirí ag imirt ról lárnach san eispéireas.

Thosaigh an seisiún le tuismitheoir deonach Jessica i gceannas ar an damhsa ‘Jerusalema’ ón Afraic Theas, ag tabhairt leanaí, teaghlaigh agus baill foirne le chéile.

Ina dhiaidh sin, rinne na páistí iniúchadh ar rithim trí cheardlann drumadóireachta ilchultúrtha, le tacaíocht ó thuismitheoirí agus ó bhaill foirne.

Chríochnaigh an seisiún le ceol sacsafón beo ó thuismitheoir eile, Clement, ag cur deireadh suaimhneach agus ceiliúrtha leis an ócáid lúcháireach.





## COMHPHÁIRTÍOCHT BHUNSCOILE

I mí Eanáir tháinig níos mó ná 200 dalta Rang 4 ó Ballyholme PS, IPS Bangor Central agus Rathmore PS (scoileanna uile lonnaithe i mBeannchar) le chéile ag Sólann Blair Mayne i mBaile Nua na hArda le haghaidh imeachtaí foghlama comhoibríoch ar scála mór.

D'eagraigh na scoileanna rothlú de ghníomhaíochtaí tógála foirne, ag treorú comhpháirtithe faoi dhallóg trí bac chúrsa, ag obair le chéile chun balúin a choinneáil san aer, agus raon dúshlán comhoibritheach eile. Chaith na daltaí t-léinte deartha go hálainn a spreag meascadh láithreach ar fud na scoileanna.

Bhí an seisiún éascaithe go saineolach ag múinteoirí, cúntóirí ranga agus foireann ceannaireachta Blair Mayne.



ea Education Authority | early years the organisation for young children | National Childhood Network | The Fermanagh Trust | léargas

# FOGHLAIM GHAIRMIÚIL CHEANNAIREACHTA




Reáchtáil PEACEPLUS ASPIRE dhá sheisiún ar 'Ag treorú comhpháirtíocht oideachais chomhroinnte go h-éifeachtach' - ceann in Iúr Cinn Trá, i mí Eanáir, agus ceann i mBaile Aontroma i mí Feabhra.

D'fhreastal 71 duine san iomlán, le h-ionadaithe ó shuíomhanna réamhscoile, Bunscoile agus Iar-bhunscoile, Tuaisceart agus Deisceart na hÉireann ina measc. Ba iad Mark Barr agus Peter Geoghegan, iarchigirí de chuid ETI atá anois ar scor, a chur na seisiúin i láthair.

Rinne na seisiúin iniúchadh ar:

- Na scileanna agus na tréithe ceannaireachta atá ag teastáil i gceannaireacht chomhoibríoch
- Na príomhfhoinsí fianaise a theastaíonn le meastóireacht éifeachtach, fhaisnéiseach agus chruinn a sholáthar ar ár soláthar
- Na scileanna, na dearcthaí agus na meonta atá ag teastáil le dul i mbun plé dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc i gcomhthéacs an Oideachais Chomhroinnte

Beidh an chéad seisiún eile ar siúl i Leitir Ceanainn, ar an 17 Aibreán 2026, agus beidh dáta agus suíomh eile le deimhniú go luath. Ná caill amach agus cláraigh anseo!

## COMHPHÁIRTÍOCHT IAR-BHUNSCOILE

Chuaigh daltaí iar-bhunscoile ó Choláiste Naomh Columba, Srath an Urláir, agus ó Acadamh an tSratha Báin go Doire ar na mallaibh, áit ar ghlac siad páirt i dturas treoraithe thart ar an Halla na mBreithiún agus ar Músaem an Tuir

Thug an chuairt na daltaí ar aistear sa stair, ag cuimhneamh ar bhuaicphointí ó stair na cathrach, agus ag críochnú le ceardlann dírithe ar fheabhsú an phobail áitiúil.

Le linn an tseisiúin, fuair na daltaí an deis páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghairid shamhlaithe i seomra na comhairle, ag glacadh páirte go gníomhach i saol an daonlathais.

Chuir an seisiún seo béim ar thábhacht an chomhpháirtíochta agus na hoibre le chéile le tacú le daoine óga agus iad ag fás agus ag forbairt i sochaí éagsúil agus roinnte.



## COMHPHÁIRTÍOCHT BHUNSCOILE

Phléasc dathanna, rithime agus samhlaíocht tríd an phobal nuair a thosaigh Ashlea PS, Chapel Road PS, Culmore PS agus Oakgrove IPS ar chlár spreagúil ealaíon cruthaitheach, deartha ar mhaithe le muinín, comhoibriú agus cruthaitheacht a chothú i measc na ndaltaí, agus á sheachadadh i gcomhpháirt ag Greater Shantallow Community Arts agus Studio2.

Tugann an tionscnamh daltaí le chéile ó na scoileanna rannpháirteacha le triail a bhaint as réimse leathan gníomhaíochtaí léiritheacha, le h-ealaíon agus ceardaíocht, damhsa, amhránaíocht, drámaíocht agus podchraoladh ina measc.

Le héascaitheoirí speisialaithe i gceannas ar gach seisiún, cuirtear daltaí chun cinn le triail a bhaint, rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh, agus buanna nua a aimsiú.






# PEACEPLUS ASPIRE TALKS: SRAITH 2



Cuimsíonn an tsraith podchraoltaí seo comhráite tarraingteacha le saineolaithe oideachais ar Oideachas Comhroinnte, mar aon le cleachtóirí ó shuíomhanna réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile atá ag soláthar Oideachais Chomhroinnte do leanaí agus do dhaoine óga.
Gheobhaidh éisteoirí peirspictíochtaí luachmhara ó shaineolaithe oideachais a roinneann a gcur chuige maidir le comhoibriú a chothú, guth na ndaltaí a threisiú, agus cleachtais chuimsitheacha a chur chun cinn san Oideachas Comhroinnte.
Trí agallaimh le hoideachasóirí atá bainteach go gníomhach le clár PEACEPLUS ASPIRE, leagann na heipeasóidí béim ar chur i bhfeidhm praiticiúil an Oideachais Chomhroinnte, ar thábhacht ghuth na ndaltaí, agus ar chur chuige atá dírithe ar an pháiste.



Trí tharraingt ar shamplaí fíor-saoil agus ar mhúnlaí seanbhunaithe, cosúil le Múnla Rannpháirtíochta Lundy, soláthraíonn an tsraith treoir agus inspioráid luachmhara d'oideachasóirí atá tiomanta Oideachas Comhroinnte a leabú ina gcleachtas laethúil.

## COMHPHÁIRTÍOCHT RÉAMHSCOILE

Chaith Barnesmore Montessori agus Donegal Playgroup seisiún comhroinnte beagnach go huile amuigh faoin aer.
Ghlac páistí de gach cumas agus ó iliomad cultúr páirt ann. Chruthaigh an gairdín a ullmhaíodh d'aon ghnó spás ina bhféadfadh gach duine ceangal a dhéanamh. Rinne na páistí cumarsáid trí theanga uilíoch na súgartha.
De réir threoir Aistear, bhí an seisiún faoi stiúir na bpáistí agus iad ag dreapadh, ag tógáil, ag glacadh rioscaí agus ag réiteach fadhbanna le chéile ag baint úsáide as ábhair nádúrtha oscailte. Tháinig obair foirne, cuimsiú agus cairdeas nua chun cinn go nádúrtha.
Bhí ról tábhachtach ag na hoideachasóirí trí thimpeallacht a ullmhú go tuisceanach agus tacú le smaointe na bpáistí, rud a chuir ar a gcumas comhoibriú, muinín agus mothú láidir muintearais a fhorbairt.



## FOGHLAIM GHAIRMIÚIL

Chuir tionscadal PEACEPLUS ASPIRE cúrsa foghlama gairmiúla dhá lá ar fáil, "Coimhlint, Cuimhne agus Brí", i Músaem Uladh.
Lárnach sa chúrsa bhí an clár faisnéise de chuid an BBC, Once Upon a Time in Northern Ireland, a chuir ar chumas oideachasóirí dul i ngleic le teistiméireachtaí pearsanta cumhachtacha agus le heispéiris mhaireachtála, rud a thacaigh le machnamh níos doimhne ar théamaí amhail coinbhleacht, tráma, cuimhne, féiniúlacht agus athmhuintearas.
Chuir an acmhainn bunchloch láidir ar fáil le tionchar daonna na dTrioblóidí a iniúchadh laistigh de chreat sábháilte, struchtúrtha agus ailínithe leis an churaclam.



Faigheann tionscadal ASPIRE tacaíocht ó PEACEPLUS, clár atá á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB).

Le tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, déan teagmháil le:

**An tÚdarás Oideachais**
PEACEPLUSASPIRE@eani.org.uk

**Luathbhlianta – an eagraíocht do leanaí óga**
PPAspire.preschool@early-years.org

**Léargas**
PEACEPLUSASPIRE@léargas.ie

**Líonra Náisiúnta na hÓige**
info@NCN.ie